# Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

*Seo an séú heagrán den nuachtlitir ina ndéanfar cur síos ar ghnóthaí reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, bígí i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie*

Nuachtlitir: Eagrán 6

Mí Dheireadh Fómhair

## Craobh Faoi 17 C an Chontae tugtha leo ag Naomh Anna, Leitir

**Naomh Anna, Leitir Móir 6-10 Cealtrach 3-10**



Ní chuirfeá an gadhar féin amach sa mbáisteach a thit ar Pháirc an Bhaile Dhóite i Maigh Cuilinn nuair a thug leaids óga Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir agus Cealtrach aghaidh ar a chéile i gcluiche ceannais Faoi 17 C an Chontae. Is 13-an-taobh a bhí sa ngrád seo agus tá moladh mór ag dul do na himreoirí ar fad a d'imir ar dhromchla a bhí fliuch báite, le liathróid a bhí ar nós gallúnach ach fós a thug taispeántas iontach uatha a bhí lán le scil agus fuinneamh. Chuir Cealtrach tús spleodrach leis an gcluiche agus bhí siad 1-1 chun cinn tar éis cúig nóiméad imeartha. Idir sin agus briseadh an tsosa uisce, chuir captaen Naomh Anna, Leitir Móir, Fionn Mac Donnacha, 1-4 ar chlár na scór, ceithre phointe ó chiceanna saora, lena chiotóg agus lena dheasóg, agus cúl iontach tar éis an-bhabhta imeartha díreach sula ndeachaigh siad chun deoch a ól, iad chun cinn 1-4 le 1-2. Bhí cóir na gaoithe, a bhí sách láidir, i bhfabhar leaids na nOileán sa gcéad leath agus theastaigh farasbarr maith uathu sa dara tréimhse ach ba iad leaids óga Chealtrach a tháinig ar ais ón sos uisce le 3 phointe agus gan fhreagra ag leaids na nOileán ach pointe ón imirt ó bhróg Fhionn. Anois, bhí na foirne ar comhscór agus muid ag druidim le deireadh an chéad leath. Ach is sa chúig nóiméad deiridh den chéad leath sin a chonaic muid an pheil is fearr ón bhfoireann sna ngeansaithe dubha agus chuir siad cúig phointe ar chlár na scór gan aon fhreagra ón bhfreasúra, 3 cinn ó chiceanna saora Fionn agus ceann an duine ó na fathaigh lár páirce, Aonghus Ó Ráinne agus Ciarán Ó Catháin, chun an scór leathama a fhágáil ar 1-10 le 1-5 i bhfabhar Naomh Anna, Leitir Móir. Tharla dhá eachtra luath sa dara leath a raibh tionchar mór acu ar thoradh an chluiche seo. Ceann acu sin nuair a bronnadh cárta dearg ar lánchúlaí Chealtrach, Rian Ó Hionnghaile Riain, tar éis sé nóiméad ach is sé an t-athrú a rinne lucht bainistíochta Naomh Anna, Leitir Móir ag tús an dara leath a raibh an tionchar is mó aige ar an gcluiche.



Thug siad Rónán Ó Droighneáin isteach mar ionadaí sa líne lántosach agus in achar chúig nóiméad, idir an t-ochtú nóiméad agus an tríú nóiméad déag den leath, bhí an liathróid báite san eangach trí huaire aige chun Naomh Anna, Leitir Móir a chur go mór chun cinn, 4-10 le 1-6, agus iad ag dul i dtreo an taobh líne don sos uisce. Rinne Cealtrach tréan-iarracht teacht ar ais sa gcluiche le 1-3 gan aon mhaith agus an cluiche ag dul isteach in am cúitimh ach chuir dhá chúl ó leaids na nOileán, ceann ó Chiarán Mac Donnacha agus a cheathrú cúl ó Rónán Ó Droighneáin, deireadh le haon aiséirí agus bhí bua slachtmhar ag Naomh Anna, Leitir Móir ag deireadh na himeartha, 6-10 le 3-10. Is iad Rónán Ó Droighneáin 4-0, Fionn Mac Donnacha 1-8, Ciarán Mac Donnacha 1-0, Aonghus Ó Ráinne agus Ciarán Ó Catháin 0-1 a fuair na scóranna don fhoireann bhuacach.

Roghnaíodh Fionn Mac Donnacha mar Laoch na hImeartha agus bronnadh gradam Galway Bay FM air ach ba shaothar foirne a bhí sa mbua seo, ón 18 imreoir a bhí ar an bpainéal go dtí an lucht bainistíochta a chuir obair mhór isteach ó thús an tséasúir, na bainisteoirí Ciarán Bairéad agus Seán Andy Ó Ceallaigh agus a gcuid roghnóirí, Joe Seoige, Tomás Ó Curraoin, Christopher Seoige, Aonghus Ó Laoi agus Maitias Eoin Bairéad. Comhghairdeas leo ar fad!

## Cluiche Leathcheannais an Chontae na bhFear

Tá foireann idirmhéanach na bhfear uair an chloig ó bheith ag imirt i ngrád na sinsear in 2022, tar éis a mbua breá ar Oileáin Árann sa chluiche leathcheannais leis an scór 4 – 7 go 0 – 14 i bPáirc an Phiarsaigh, Dé Sathairn seo caite. Agus a bheith i dteannta foireann ban an Chumainn a bhfuil a n-áit deimnithe acu i ngrád na sinsear arís don bhliain seo chugainn.

Cé mba iad Oileáin Árann rogha na coitianta, níor thug Naomh Anna deis dóibh aon dul chun cinn a dhéanamh sa gcluiche, ag imirt in aghaidh na gaoithe sa chéad leath, bhí Naomh Anna chun cinn leis an scór 1- 6 go 0 – 5 ag leath-ama agus arís sa dara leath nuair a tháinig Oileáin Árann i bhfoisceacht pointe dóibh cúpla uair, fuair siad cúil a choinneodh solas an lae eatarthu.

Anois agus an cluiche ceannais ag teannadh linn, tá sé in am na bratacha, na stiallbhratacha agus araile a tharraingt amach agus iad a chur in airde ar chuile theach, crann, bád agus araile ar fud an cheantair chun ár dtacaíocht a thabhairt don fhoireann agus an corn a thabhairt ar ais den chéad uair ó 2009. Chuirfeadh bua i gCraobh an Chontae borradh breá faoi cheantar na nOileán agus muid ag tnúth go mór le réachtáil Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta in 2022.



## Bua eile ag Fir Sóisir C



Comhghairdeas mór le Foireann Sóisir C a bhuaigh an Sciath Sraithe in aghaidh Mhaigh Cuilinn le déanaí ar Pháirc na mBreathnaigh. Is deas an rud todhchaí an chlub a fheiceáil sa bpictúr leo.

# Spórtlann




## CLÁR AMA RANGANNA ACLAÍOCHTA

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| | POWER HALF HOUR 9.30-10.00 | **RPM SPIN** 7.00AM | BODYCOMBAT 9.30-10.00 | **SPIN** 7.00AM | |
| | SPRINT 10.05-10.35 | | SPRINT 10.05-10.35 | SPIN 9.30-10.00 | |
| | ZUMBA 10.40-11.10 | | PILATES 10.40-11.40 | BOX HIIT 10.05-10.35 | |
| | | GRIT STRENGTH 6.30-7.00 | | GRIT CARDIO 6.30-7.00 | |
| | BODYPUMP 6.30-7.15 | ABS 7.05-7.35 | BODYPUMP 6.30-7.15 | ABS 7.05-7.35 | BODYPUMP 6.30-7.15 |
| | SPIN 7.20-7.50 | SPRINT 7.40-8.10 | SPIN 7.20-7.50 | SPRINT 7.40-8.10 | SPIN 7.20-7.50 |
| | POUND 7.55-8.40 | BODYCOMBAT 8.15-9.00 | KETTLEBELLS HIIT 7.55-8.40 | BODYCOMBAT 8.15-9.00 | POUND 7.55-8.40 |

| | Dé Sathairn | Dé Domhnaigh |
|---|---|---|
| 9.00-9.30 | SPRINT | SPIN |
| 9.35-10.35 | PILATES | STEP & TONE |
| 10.40-11.25 | BODY-COMBAT | POUND 10.40-11.25 |
| | | |
| | | |









## Sábháilte i nGrád na Sinsear in 2022

A leithéid de dhráma a chonaic muid i Maigh Cuilinn ag an deireadh seachtaine nuair a d'éirigh le foireann ban Naomh Anna Leitir Móir fanacht i ngrád na sinsear le haghaidh 2022. Taispeántas a bhí lán le croí, mórtas agus misneach nuair a dhiúltaigh mná na noileán géilleadh do Ghleann an Mhadadh/ Baile Liam. Aimsir lofa a bhí ann agus thóg sé ciceanna saora 30 méadar ón gcúl tar éis am breise chun na foirne a scarúint óna chéile.

Níor chuidigh an drochaimsir leo ar an lá agus an ghaoth ag ardú de réir mar a bhí an cluiche ag dul ar aghaidh. Fuair Gleann an Mhadadh/ Baile Liam cúl taobh istigh de chúig nóiméad ach níor chuir sin isteach ná amach ar fhoireann Leitir Móir. Lean siad ar aghaidh go foighneach ag athchúrsáil na peile chun scóranna a aimsiú. Bhí bearna ceithre chúilín idir na foirne ag pointe áirithe sa chéad leath agus an chuma ar Naomh Anna go raibh siad i dtrioblóid. Ach níor chaill siad a misneach le cúl ó Ríona Ní Fhlatharta ag casadh an taoide dóibh. Le beagnach seasca nóiméad ar an gclog, agus na foirne cothrom, chuir Aoibhinn Ní Thuathail an liathróid thar an trasnán chun Naomh Anna Leitir Móir a chur pointe chun cinn ach d'éirigh le Gleann an Mhadadh / Baile Liam an cluiche a chothromú leis an gcic deireanach sa ghnátham. 1-5 an taobh agus am breise le teacht.

Bhí sé thar a bheith deacair scóranna a aimsiú san am breise cé go raibh Gleann an Mhadadh/ Baile Liam imreoir gann mar gheall ar chárta buí agus mar go raibh an aimsir uafásach. Arís, bhí an chuma ar an scéal go mbeadh Naomh Anna Leitir Móir ag imirt sa ghrád idirmheánach an bhliain seo chugainn agus iad taobh thiar ar chlár na scór agus é deacair acu scór an chothroma a aimsiú. Ach fuair Roseanna Ní Bháille an deis sin le cic saor agus le solas an lae ag imeacht, bhí na foirne cothrom ag 1-7 an taobh. Bheadh ar an dá fhoireann aghaidh a thabhairt ar na ciceanna saora 30m amach ón gcúl.

D'éirigh le Sarah Ní Loingsigh agus Barbara Ní Loingsigh a gcuid ciceanna a chur thar an trasnán. Níor éirigh leis an bhfoireann eile aon chic saor a chur thar an trasnán agus b'shin é. Naomh Anna, Leitir Móir slán i ngrád na sinsear agus imreoirí, bainisteoirí agus lucht tacaíochta ríméadach. Comhghairdeas mór le gach duine a bhí páirteach. Sár-chluiche, sár-thoradh agus comhoibriú iontach á léiriú ag foireann Naomh Anna.

Scóranna Naomh Anna Leitir Móir: Ríona Ní Fhlatharta 1-2, Sarah Ní Loingsigh 0-3, Aoibhinn Ní Thuathail 0-1, Roseanna Ní Bháille 0-1.



## Thomas O'Toole




Ba mhaith leis an gcumann comhghairdeas a dhéanamh leis an bhfear óg as Baile na Cille, Thomas O'Toole a raibh a chéad troid ghairmiúil aige ar an 25 Meán Fómhair thall i Debham, MA. Chuir Thomas an fear a bhí ina aghaidh go talamh luath go maith sa chéad bhabhta. Tá conradh sínithe ag Thomas le Rian Roach nia le Freddie Roach. Sular bhain Thomas cáil amach sa dornálaíocht d'imir sé f14 agus f16 do Naomh Anna. Beidh Thomas ar ais sa bhfáinne ar an 20 Samhain i Debham, MA arís agus súil aige bua eile a bheith aige. Ádh mór a Thomáis!